CAIRDE NA SCOILE
Nuachtlitir
Samhain 2021

Fáilte chuig an leagan seo de Nuachtlitir Chairde na Scoile. Tá súil againn go bhfuil gach éinne ag baint sult as bheith ar ais ar scoil. Fáilte roimh gach clann nua a thosaigh linn i mbliana – agus tá súil againn go mbainfidh sibh sult as bheith mar chuid de phobal iontach cairdiúil scoile.

Féilire Scoile

Is breá le tuismitheoirí na scoile an fhéilire scoile agus tá an leagan 2022 díreach imithe ag an gclódóir. Tá grianghraif de gach rang ann agus dhéanfadh sé bronntanas álainn don chlann, seantuistí ach go háirithe. Tá siad ar díol cheana féin ar €10 an ceann tríd Aladdin. Téann an t-airgead díreach go dtí an scoil chun cabhrú le hacmhainní breise a cheannach dos na páistí.

Cruinniú Cinn Bliana

Beidh CCB Chairde na Scoile ar siúl ar Zoom Dé Mairt, an 30-11-2021, ag 8.00in. Tugaimid cuireadh do gach éinne a bheith i láthair agus beidh cruinniú an tseachtain dar gcionn chun coiste nua a thoghadh. Bheadh sé iontach cloisteáil ó éinne a bheadh ag iarraidh bheith mar chuid den choiste mar go mbíonn failte roimh thuairimí nua i gcónaí. Téigh i dteagmháil le cairdenascoile1@gmail.com más mian leat an nasc Zoom a fháil don CCB.

Ainneoin na srianta anuraidh, d'éirigh linn na himeachtaí seo a thabhairt i gcrích:

- Rith Spraoíuíl ar scoil
- Féilire
- Bácáil ar Zoom
- Tiomsú airgid le Bags2school
- Cainteanna ar líne do thuismitheoirí
- Picnic Scoile
- Searmanas Fágála

Tá súil againn níos mó gníomhaíochtaí a eagrú i 2022 má bhíonn an deis againn.

Facebook
Do ghrianghraif & nuacht faoinar gcuid imeachtaí, féach:
www.facebook.com/CairdeNaScoile